# Cuntas Leithreasa 2014

## Vóta 37

## Coimirce Shóisialach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 37, tá dualgas orm, gach bliain, chun an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus chun an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, d'íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus as deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €38.19 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Íocaíochtaí a aithint***

Tá na suimeanna siúd i gceist le híocaíochtaí a thagann i gcaitheamh íocaíochta i rith na bliana. Meastar gur tháinig suimeanna i rith íocaíochta sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar tríd An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur gá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Aithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead roimh théarma ag custaiméirí in Oifigí Poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí.

***Cóireáil ró-íocaíochtaí a gnóthaíodh***

Tugtar gnóthú fiach maidir le ró-íocaíochtaí ginearálta scéime san áireamh mar seo a leanas

- tugtar na fiacha sin a ghnóthaítear mar fháltas airgid isteach san áireamh ar bhonn fáltais airgid
- déantar na fiacha sin a ghnóthaítear trí asbhaint as teidlíochtaí scéime, déantar iad a fhritháireamh le hais an chaiteachais scéime ag dáta na hasbhainte.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn seo córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Ard-Rúnaí. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe imnheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras ar a éifeachtacht.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíocht Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte AD a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn, féach Nóta 5.4.

I ndiaidh easnaimh a shainaithint, i rith iniúchtaí 2012 agus 2013, maidir le réiteach chláir shócmhainní agus sócmhainní caipitiúla na Roinne atá á bhforbairt leis na suimeanna a cuireadh i dtaifead sa chuntas leithreasa, bunaíodh grúpa oibre sócmhainne seasta in 2013 chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh chun solais agus lean siad lena gcuid oibre i rith 2014. Dírítear obair an Ghrúpa ar na cláir shócmhainne seasta a nuashonrú chun fardal fisiciúil, rianú sócmhainne agus scor foirmiúil sócmhainní atá imithe as feidhm nach n-úsáidtear a thuilleadh a chur i gcuntas. Meastar go leanfaidh an grúpa seo lena gcuid oibre i rith 2015 agus 2016. Le linn 2014, cuireadh fardail fhisiciúla i gcrích i dtrí cinn de 363 ionad na Roinne, in éineacht le tástáil intreach sócmhainní in ionad amháin eile. Cuireadh tús le fardal leictreonach ríomhairí agus trealaimh fhorimill go déanach i 2014 agus é i gceist sin a chríochnú faoi dheireadh 2015. Ba é luach iomlán na bhfardal, an tástáil intreach san áireamh, ach ag fágáil amach an fardal leictreonach, ná €1.8 milliún.

Tugadh isteach córas nua, an Córas Cuntasaíochta Fiach agus Fáltas (CCFF) isteach sa Roinn i Mí na Samhna 2014. Ceadaíonn an córas taifeadadh uathoibríoch féich a gnóthaíodh in oifigí áitiúla na Roinne Coimirce Sóisialaigh (RCS).

Airgead ar láimh atá i gceist leis na méideanna sin a fuarthas in oifigí áitiúla agus nár lóisteáladh i gcuntas bainc RCS go fóill. Ag 31 Nollaig 2014, ba é iarmhéid taifeadta an airgid ar láimh ná €364,619. Táirgeadh an t-iarmhéid seo trí mheán postálacha uathoibríocha ó chóras CCFF chuig mórleabhar ginearálta na Roinne. Níor deimhníodh é go lárnach le hais na dtaifead oifige áitiúla.

Tá socruithe i bhfeidhm anois  le gur féidir le hoifigí áitiúla tuairisceáin mhíosúla a dhéanamh den airgead ar láimh lena réiteach go lárnach go mórleabhar ginearálta na Roinne.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na dísciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Comhlíonann an Roinn seachas deich chonradh ar luach €1 milliún nach raibh faoi réir próiseas soláthair iomaíoch. Tharla na heisceachtaí seo ar chúiseanna leanúnachas gnó.

Tá an Roinn ag dul i mbun gníomh ceartaithe maidir le gach ceann de na conarthaí seo. I seacht gcinn de na 10 gcás tá na soláthair críochnaithe anois, tá dhá cheann ar siúl agus sa chás deireanach táthar ag tacú leis an obair go hinmheánach. Cuirtear sonraí faoi gach ceann de na conarthaí seo i dtuairisceán bliantúil 40/2002 na Roinne leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Cuireann an cuntas leithreasa gach ceann de shócmhainní agus de dhliteanais Vóta 37 i gcuntas, mar aon le nótaí mínitheacha agus iarmhéideanna a cheadaíonn measúnú ar riosca airgeadais an 31 Nollaig 2014. Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ann maidir le sócmhainní nó dliteanais theagmhasacha nach nochtar sa chuntas.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá n-obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá a bpleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Niamh O’Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

21 Meán Fómhair 2015

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Coimirce Shóisialach. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Rialtacht an chaiteachais***

Baineann Caibidil 16 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2014 le híocaíochtaí leasa teidlíochta sáraithe atá san áireamh i gcuntas 2014 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta ábhartha.

***Neamhchomhlíonadh rialacha um sholáthar***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta maidir le rialacha soláthair náisiúnta i dtaca le conarthaí a bhí á bhfeidhmiú in 2014.

***Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh***

Tagraíonn mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2014 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 37. Tagraíonn Caibidil 15 do mhaoiniú an Chiste Árachais Shóisialta. Tagraíonn Caibidil 17 do mhírialtachtaí in íocaíochtaí scéime béile scoile.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2015

# Vóta 37 Coimirce Shóisialach

## Cuntas Leithreasa 2014

| | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | |
| **Scéimeanna Árachais Shóisialaigh, Seirbhísí, Riarachán agus Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | |
| Riarachán | 479,140 | 470,372 | 472,373 |
| Pinsin | 940,000 | 954,411 | 952,457 |
| Aois Oibre – tacaíochtaí ioncaim | 3,970,170 | 4,053,150 | 4,395,017 |
| Aois Oibre – tacaíochtaí fostaíochta | 1,065,380 | 1,025,378 | 985,053 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | 1,961,760 | 2,041,232 | 1,934,757 |
| Leanaí | 2,283,860 | 2,264,756 | 2,251,807 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, gníomhaireachtaí agus seirbhísí ilghnéitheacha | 713,140 | 720,155 | 802,139 |
| Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | 685,470 | 541,798 | 1,314,130 |
| **Ollchaiteachas** | **12,098,920** | **12,071,252** | **13,107,733** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **242,020** | **252,543** | **250,003** |
| **Glanchaiteachas** | **11,856,900** | **11,818,709** | **12,857,730** |

**Barrachas atá le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le forghéilleadh | 38,190,523 | 228,556,326 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| i. Tuarastail, pánna agus liúntais | 290,611 | 297,315 | 301,091 |
| ii. Taisteal agus cothabháil | 5,150 | 4,453 | 4,897 |
| iii. Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 11,815 | 4,745 | 4,456 |
| iv. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 20,500 | 19,195 | 20,137 |
| v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 32,628 | 32,813 | 25,585 |
| vi. Costais áitreabh na hoifige | 35,965 | 32,839 | 31,462 |
| vii. Seirbhísí comhairleoireachta | 1,508 | 1,327 | 1,145 |
| viii. Íocaíochtaí as seirbhísí gníomhaireachta | 74,814 | 70,941 | 76,901 |
| ix. Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas | 6,149 | 6,744 | 6,371 |
| *x. Uachtaránacht an AE* | — | — | *328* |
| | **479,140** | **470,372** | **472,373** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas clár | | 11,600,880 | 12,635,360 |
| Pá | | 297,315 | 301,091 |
| Neamhphá | | 173,057 | 171,282 |
| **Ollchaiteachas** | | **12,071,252** | **13,107,733** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **252,543** | **250,003** |
| **Glanchaiteachas** | | **11,818,709** | **12,857,730** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannach airgead tirim | (12,878) | | |
| Dímheas | 11,758 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 4 | (1,116) | (2,339) |
| **Athruithe ar shócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (5,179) | (3,744) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (11,633) | | |
| Laghdú ar stoc | 24 | | |
| | | (11,609) | (423) |
| **Caiteachas díreach** | | **11,800,805** | **12,851,224** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 43,369 | 35,670 |
| Measchíosanna | | 10,377 | 10,770 |
| **Glanchostas clár** | | **11,854,551** | **12,897,664** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 37 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 30 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 31,959 | 24,922 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 11,262 | 10,743 |
| Vóta 20 an Gharda Síochána | m | 91 | — |
| An Lárchiste – Pinsin Aire | m | 27 | 5 |
| | | 43,369 | 35,670 |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó gur costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 56,749 | 54,336 |
| **Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | 2.3 | 20,163 | 15,705 |
| | | **76,912** | **70,041** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 447 | 471 |
| Réamhíocaíochtaí | | 67,300 | 53,080 |
| Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh[a] | | 228,862 | 205,660 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 67,795 | 32,376 |
| Maoiniú Glan Státchiste atá dlite | 2.8 | 23,563 | (6,531) |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **387,967** | **285,056** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| An banc agus airgead tirim | 2.4 | 300,828 | 219,350 |
| Costais fhabhraithe | | 71,874 | 69,287 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 19,392 | 12,155 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **392,094** | **300,792** |
| **Glanldliteanais Reatha** | | (4,127) | (15,736) |
| **Glansócmhainní** | | **72,785** | **54,305** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.1 | **72,785** | **54,305** |

[a] Léiríonn seo réamhíocaíochtaí ó Vóta 37 le cuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) nár caitheadh faoi dheireadh na bliana.

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 54,305 | 47,712 |
| Coigeartú | 2.3 | | 576 | 87 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 11,856,900 | | |
| Barrachas le forghéilleadh | Cuntas | (38,191 ) | | |
| Glanvóta | | | 11,818,709 | 12,857,730 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 43,369 | 35,670 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 10,377 | 10,770 |
| Glanchostas clár | 1 | | (11,854,551) | (12,897,664) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **72,785** | **54,305** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscáin agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 286,592 | 34,179 | 320,771 |
| Breisiúcháin | 13,165 | 1,010 | 14,175 |
| Diúscairtí | (4,789) | (100) | (4,889) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 294,968 | 35,089 | 330,057 |
| **Dímheas carnach** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | 238,800 | 27,635 | 266,435 |
| Dímheas don bhliain | 10,254 | 1,504 | 11,758 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (4,788) | (97) | (4,885) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | 244,266 | 29,042 | 273,308 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **50,702** | **6,047** | **56,749** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **47,792** | **6,544** | **54,336** |

**2.3 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt**

| amhail an 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhaire intí |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir 2014 | 15,705 |
| Coigeartú[a] | 576 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain[b] | 5,179 |
| Arna aistriú chuig an gclár sócmhainní | (1,297) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | 20,163 |

[a] Tagraíonn an coigeartú don chuntasaíocht d'íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain roimhe sin nár nochtadh roimhe seo.

[b] Ní áirítear bogearraí forbartha intí le híocaíochtaí airgid atá forbartha go hiomlán i rith na bliana.

**2.4 Banc agus Airgead**

| amhail an 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna An Post | 161,919 | 134,043 |
| Iarmhéideanna Oifig an Phámháistir Ghinearálta | (476,506) | (388,568) |
| Bainc thráchtála agus airgead tirim | 13,759 | 35,170 |
| Orduithe nár íocadh astu | — | 5 |
| | (300,828) | (219,350) |

Tá cuntais An Post réamhchistithe ag Vóta 37 agus ag an CÁS chun íoc as dliteanais chaiteachais na Roinne faoi mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2014, b'ionann an comh-iarmhéid a bhí á choimeád ag An Post maidir le Vóta 37 agus an CÁS agus €245,745,465. Ba é €243,576,310 an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2013.

**2.5 Stoic**

| amhail an 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 402 | 453 |
| Tomhaltáin TF | 45 | 18 |
| | 447 | 471 |

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| amhail an 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le An Post ar chaiteachas postais | 1,209 | 933 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP as troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach | 1,218 | 4,315 |
| Réamhíocaíochtaí le Pobal | 8,780 | 7,700 |
| Réamhíocaíochtaí scéime[a] | 37,233 | 16,333 |
| Fionraí fiachais eile | 13,250 | 169 |
| Dlite ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) maidir le scéimeanna CÁS | 6,105 | 2,926 |
| | 67,795 | 32,376 |

[a] Amhail an 31 Nollaig 2014, bhí réamhíocaíochtaí le haghaidh scéimeanna Vóta ar fiú €37,232,786 iad a ndearnadh €12,588,548 díobh trí An Post agus a ndearnadh €24,644,238 díobh trí ríomhaistriú airgid. Tá an méadú i 2014 le hais 2013 mar gheall, go príomha, ar réamhíocaíochtaí a rinneadh maidir leis an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh agus Liúntas an Chúramóra.

**2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile**

| amhail an 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna a bhí dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 2,731 | 2,739 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 632 | 593 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,839 | 1,808 |
| Cáin Bhreisluacha Idirstáit | 19 | 103 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil Cáin | 439 | 377 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil[a] | 144 | 47 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 4 | 8 |
| | 5,808 | 5,675 |
| Asbhaintí párolla | 2,875 | 2,776 |
| Dlite don CÁS maidir le scéimeanna Vóta | 8,802 | 2,289 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 1,907 | 1,415 |
| | 19,392 | 12,155 |

[a] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an RCS a ordú chun asbhaintí a dhéanamh ó roinnt íocaíochtaí scéime maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc as Cáin Mhaoine Áitiúil. Déanann an RCS asbhaintí deonacha, chomh maith, as tuarastail foirne. Cuireadh tús leis na hasbhaintí seo in 2013 agus íoctar iad leis na Coimisinéirí Ioncaim sa mhí i ndiaidh na hasbhainte.

**2.8 An Glanchistiú Státchiste atá le híoc**

| amhail an 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le forghéilleadh | 38,191 | 228,556 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (61,754) | (222,025) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (23,563) | 6,531 |

**Arna léiriú ag:**

| | | |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 296,657 | 238,036 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| An banc agus airgead tirim | (300,828) | (219,350) |
| Dlite don Stát | (5,808) | (5,675) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (13,584) | (6,480) |
| | (320,220) | (231,505) |
| | (23,563) | 6,531 |

**2.9 Ceangaltais**

| amhail an 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 43,038 | 33,844 |

**Ceangaltais Ilbhliantúla Chaipitiúla**

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **Caiteachas a fhad le deireadh 2013** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh seo** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cárta Seirbhísí Poiblí | 10,055 | 6,303 | 11,439 | 27,797 | 27,797 |

Ní bhaineann na figiúirí caiteachais do 2014 agus do na blianta roimhe sin ach do cheangaltais a bheas ina gceangal dlí sa todhchaí do Chárta na Seirbhísí Poiblí. Coigeartaíodh an caiteachas a fhad le deireadh 2013 chun suimeanna a léiriú nár cuireadh san áireamh roimhe seo a sainaithníodh i rith athbhreithniú ar chaiteachas.

**2.10 Dliteanais Aibithe**

| amhail an 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán na ndliteanas aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 20 | 68 |

# 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

**A. Scéimeanna Árachais Shóisialaigh, Seirbhísí, Riarachán agus Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 290,611 | 297,315 | 301,091 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 188,529 | 173,057 | 171,282 |
| **Pinsin** | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | 940,000 | 954,411 | 952,457 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim** | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | 2,820,000 | 2,923,291 | 3,108,974 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 863,000 | 867,307 | 977,960 |
| A.6 | Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach) | 16,350 | 16,464 | 16,735 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | 2,300 | 2,504 | 2,876 |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 109,600 | 85,347 | 108,315 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | 91,600 | 93,632 | 99,178 |
| A.10 | Liúntas Réamhscoir | 24,000 | 24,319 | 34,555 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – tacaíochtaí ioncaim | 43,320 | 40,286 | 46,424 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | 357,500 | 359,474 | 341,250 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | 45,000 | 43,762 | 44,203 |
| A.14 | Tús – Scéim Socrúchán Oibre Pobail | 120,100 | 116,052 | 92,060 |
| A.15 | Tionscnaimh phost | 21,500 | 23,364 | 24,924 |
| A.16 | Clár Seirbhísí Pobail | 45,110 | 43,028 | 44,853 |
| A.17 | An Liúntas um Fhilleadh ar Obair | 112,600 | 118,825 | 119,505 |
| A.18 | JobBridge – An Scéim Intéirneachta Náisiúnta | 82,250 | 76,030 | 67,688 |
| A.19 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 182,900 | 162,450 | 186,879 |
| A.20 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | 98,420 | 82,393 | 63,691 |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | |
| A.21 | Liúntas Míchumais | 1,162,960 | 1,238,310 | 1,140,916 |
| A.22 | Pinsean na nDall | 14,500 | 14,428 | 14,823 |
| A.23 | Liúntas Cúramóra | 557,200 | 559,325 | 554,801 |
| A.24 | Liúntas Cúram Baile | 105,100 | 110,669 | 104,272 |
| A.25 | Deontas Cúram Faoisimh | 122,000 | 118,500 | 119,945 |
| **Leanaí** | | | | |
| A.26 | Sochar Linbh | 1,913,300 | 1,902,353 | 1,899,922 |
| A.27 | Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 281,700 | 297,907 | 261,758 |
| A.28 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | 46,300 | 42,452 | 47,976 |
| A.29 | Scéimeanna Béilí Scoile | 37,000 | 16,572 | 36,775 |
| A.30 | Íocaíochtaí Eile a bhaineann le Leanaí | 5,560 | 5,472 | 5,376 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| A.31 | Forlíonadh Cíosa | 344,100 | 338,203 | 372,909 |
| A.32 | Forlíonadh Ús Morgáiste | 17,920 | 20,878 | 35,063 |
| A.33 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 88,460 | 88,481 | 113,130 |
| A.34 | Saorthaisteal | 77,000 | 75,487 | 75,477 |
| A.35 | Liúntas Breosla | 136,900 | 147,869 | 155,599 |
| A.36 | Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 46,000 | 45,000 | 46,387 |
